**TREOIRLÍNTE CHUN FÓGRA UM ACHOMHAIRC A CHOMHLÁNÚ**
**AN tACHT UM LÁITHREÁIN THRÉIGTHE 1990**

Faoi Alt 22(4) den Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 is féidir le **hÚINÉIR** talún uirbigh achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Luachála i gcoinne chinneadh an údaráis áitiúil ar **Luach Margaidh** na talún. Níl sna treoirlínte seo a leanas ach cúnamh don achomharcóir agus ní bheartaíonn siad aon léirmhíniú dlíthiúil a bheith acu.

**Ceist Uimh.**

1. Líon isteach sonraí an láithreáin faoi achomharc (cineál, suíomh, méid srl.).

2. Líon isteach ainm agus seoladh teagmhála **ÚINÉIR** na talún uirbí atá ina ábhar don achomharc, ainm an údaráis áitiúil lena mbaineann agus dáta **faighte*** an chinnidh a rinne an tÚdarás Áitiúil. [*Ní mór an t-achomharc a dhéanamh chuig an mBinse **laistigh de 28 lá** ón dáta a fhaightear é.]

3. Líon isteach an Luach Margaidh mar a chinneann an tÚdarás Áitiúil é.

4. De réir Alt 22(7) den Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990, ní mór duit na cúiseanna bailí **sonracha** um achomhairc a leagan amach. I bhfocail eile, is é sin le rá, tabhair breac-chuntas go hachomair ar na cúiseanna beachta atá le hachomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh an Luach Margaidh.

5. Líon isteach ainm agus seoladh aon duine eile a bhfuil, i do thuairim, tionchar ag cinneadh luach margaidh an údaráis áitiúil air/uirthi.

6. Seo a leanas an táille a chaithfidh a bheith in éineacht leis an bhFógra um Achomhairc chuig an mBinse. Ní bheidh achomharc bailí ach amháin má bhíonn an táille chuí ag gabháil leis.

| Luach Margaidh na réadmhaoine mar a chinneann an tÚdarás Áitiúil | Táille Achomhairc |
|---|---|
| Níos lú ná €65,000 | € 60 |
| €65,000 ach níos lú ná €130,000 | €125 |
| €130,000 nó níos mó | €190 |

Ba chóir go mbeadh seiceanna srl. a dhéanamh iníoctha leis an mBinse Luachála.

*7.* 7. Le comhlánú nuair is gá comhfhreagras a chur ar aghaidh chuig Aturnae nó Gníomhaire (scrios na focail nach mbaineann le hábhar).

**The Registrar**
**Valuation Tribunal**
**3rd Floor**
**Holbrook House**
**Holles Street**
**Dublin 2**

**An Cláraitheoir**
**An Binse Luachála**
**An Tríú Urlár**
**Teach Holbrook**
**Sráid Holles**
**Baile Átha Cliath 2**

**Teileafón: 01-676 0130 Facs: 01-642 5990**